An tÚdarás Slándála Príobháidí
The Private Security Authority

# Tuarascáil Bhliantúil 2017

# ÁR MISEAN

Gníomhaíochtaí na ndaoine a oibríonn sa tionscal slándála príobháidí a rialáil chun a chinntiú go ndéanfar leasanna tomhaltóirí a chosaint ina n-iomláine trí chaighdeáin chuí a bhunú agus a chur chun cinn agus trí fhaireachán agus forfheidhmiú a dhéanamh ar na caighdeáin sin

# CLÁR ÁBHAR


| | |
|---|---|
| Leathanach 4 | Ráiteas Tosaigh ón gCathaoirleach agus ón bPríomhfheidhmeannach |
| Leathanach 5 | Ról an Údaráis Slándála Príobháidí |
| Leathanach 8 | Misean agus Luachanna |
| Leathanach 10 | Bord an Údaráis |
| Leathanach 10 | An Fhoireann Ardbhainistíochta |
| Leathanach 11 | Rialachas Corparáideach |
| Leathanach 13 | Sracfhéachaint ar an mBliain 2017 |
| Leathanach 14 | An Plean Straitéiseach, 2014 go 2017 |
| Leathanach 15 | An Dul Chun Cinn a Rinneadh ar ár Spriocanna |
| Leathanach 29 | Ráiteas faoi Rialú Inmheánach |
| Leathanach 34 | Aguisíní |
| Leathanach 37 | Teagmháil |

## Ráiteas tosaigh ó Noel Lappin, an Cathaoirleach, agus ó Paul Scallan, an Príomhfheidhmeannach



An tUasal Noel Lappin



An tUasal Paul Scallan

Tá lúcháir orainn an Tuarascáil Bhliantúil ón Údarás Slándála Príobháidí don bhliain 2017 a chur i láthair, ar tuarascáil í ina leagtar amach ár bhfeidhmíocht le linn na bliana. Bliain ríthábhachtach don Údarás a bhí ann, ar lena linn a chuaigh an Bord roimhe as oifig i mí an Mheithimh agus a ceapadh an Bord nua i mí na Samhna. Ceann de na príomhchúraimí a bheidh ar an mBord nua is ea Plean Straitéiseach a fhorbairt, rud a úsáidfear chun treo an Údaráis a mhúnlú do na blianta atá romhainn.

Le linn na bliana 2017, dhíríomar ar an timpeallacht rialála a leathnú agus a neartú. Thugamar faoin obair ar Ghlasadóirí a cheadúnú i mí Feabhra agus chríochnaíomar an obair ullmhúcháin do dhaoine aonair a oibríonn i Lárionaid Faireacháin a cheadúnú. Leathnaíomar ár seirbhísí ar líne nuair a seoladh córas athnuachana do chonraitheoirí. Tá seirbhísí nua lena simpleofar an próiseas rialála dár sealbhóirí ceadúnais á bpleanáil againn freisin. Thug ár bhfoirne cigireachta cuairt ar gach cuid den tír sa bhliain agus dhírigh siad go láidir lena linn ar chomhlíonadh an Ordaithe nua Rialaithe Fostaíochta a sheiceáil. Leanamar leis an obair ar chaighdeán nua Rialaithe Rochtana a fhorbairt agus rinneamar athbhreithniú ar an gcaighdeán bainistíochta cáilíochta atá i bhfeidhm don earnáil Airgid Thirim faoi Bhealach. Cuireadh grúpa oibre ar bun chun breithniú a dhéanamh ar na ceanglais oiliúna atá le leagan ar Imscrúdaitheoirí Príobháideacha agus tosaíodh ar an obair ullmhúcháin ar Shainchomhairleoirí Slándála a cheadúnú.

Ag féachaint romhainn ar an mbliain 2018, leagfar amach sa Phlean Straitéiseach nua na tosaíochtaí gnó don bhliain. Beidh ról mór aige inár gclár oibre a shocrú freisin. Tabharfar faoin obair ar dhaoine aonair a oibríonn i Lárionaid Faireacháin a cheadúnú i mí an Mheithimh agus féachfaimid le tréimhse ama a leagan síos le haghaidh earnálacha eile a cheadúnú, lena n-áirítear daoine aonair a oibríonn san earnáil Slándála Imeachtaí agus conraitheoirí a oibríonn san earnáil Sainchomhairleoirí Slándála. Chun tacú leis an bPlean Straitéiseach, iarrfaimid infheistíocht sna hacmhainní atá ar fáil le haghaidh rialáil. Gan an infheistíocht sin, beidh sé deacair don Údarás ár sainordú reachtúil, mar a bheidh leagtha amach sa Phlean, a chomhlíonadh.

Leanamar le caidreamh a fhorbairt leis an tionscal slándála agus leo sin a idirghníomhaíonn leis. Cabhraíonn ár rannpháirtíocht le geallsealbhóirí le cur leis an tuiscint atá againn ar an timpeallacht a rialálaimid. Sa bhliain 2018, cuirfimid roinnt struchtúr foirmiúil ar bun trína dtabharfar deis don tionscal dul i gcomhairle linn maidir lenár bpleanáil gnó agus tionchar a imirt uirthi.

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil le gach duine a rannchuidigh lenár gcuid oibre le linn na bliana, leis an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, le comhaltaí roimhe agus reatha araon den Bhord, a leag agus a leagann treo straitéiseach an Údaráis síos, lenár mbaill foirne atá le moladh as a ndíograis dá ról, agus le gach duine a chuir lenár gcuid oibre ar aon bhealach sa bhliain 2017.

# Ról an Údaráis Slándála Príobháidí

Cuireadh an tÚdarás Slándála Príobháidí ar bun leis na hAchtanna um Sheirbhísí Slándála Príobháidí, 2004 agus 2011, agus tá sé freagrach as an tionscal slándála príobháidí a rialáil. Is é an ról atá againn an pobal agus cliaint de chuid an tionscail slándála a chosaint trí thimpeallacht rialála ar ardchaighdeán a chur chun cinn do ghnólachtaí agus do dhaoine aonair a oibríonn sa tionscal slándála. Déanaimid é sin trí chóras ceadúnúcháin atá cuimsitheach agus bunaithe ar chaighdeáin a oibriú do dhaoine a sholáthraíonn seirbhísí slándála. Oibríonn an tÚdarás i gcomhpháirt le fostóirí agus le fostaithe araon ar mhaithe le caighdeáin a ardú sa tionscal chun tairbhe don tomhaltóir, don phobal agus don tsochaí.



***Oifigí an Údaráis Slándála Príobháidí, Sráid an Dáibhisigh, Baile Thiobraid Árann***

Leathnaíomar ceadúnú chuig conraitheoirí san earnáil Glasadóirí i mí Feabhra agus eisíodh 162 cheadúnas Glasadóra faoi dheireadh na bliana. Fágann sé sin go bhfuil dhá ghrúpa conraitheoirí fós le ceadúnú - Sainchomhairleoirí Slándála agus Soláthraithe agus Suiteálaithe Taisceadán. Is sa bhliain 2018 a thosófar ar an obair ar an dá ghrúpa sin a cheadúnú. Chríochnaíomar an obair ullmhúcháin ar dhaoine aonair a oibríonn i Lárionaid Faireacháin a cheadúnú. Is sa chéad leath den bhliain 2018 a thabharfar faoin obair ar an earnáil sin a cheadúnú. Cuireadh grúpa oibre ar bun chun breithniú a dhéanamh ar na ceanglais cheadúnúcháin atá le leagan ar fhostaithe san earnáil Slándála Imeachtaí, agus é mar aidhm againn ceadúnú a thabhairt isteach ag deireadh na bliana 2018.

Gné thábhachtach den chóras ceadúnúcháin is ea caighdeáin agus cáilíochtaí a fhorbairt agus a fheabhsú i seirbhísí slándála a sholáthar. Ag teacht sna sála ar chomhairliúchán poiblí ar na ceanglais theicniúla atá ar an earnáil Rialaithe Rochtana, cuireadh grúpa oibre ar bun chun caighdeán nua Rialaithe Rochtana a cheapadh. Tosaíodh ag féachaint le linn na bliana freisin ar na ceanglais oiliúna atá le leagan ar fhostaithe san earnáil Imscrúdaitheoirí Príobháideacha, agus é mar aidhm againn tréimhse ama a fhógairt le haghaidh an earnáil sin a cheadúnú sa bhliain 2018.

Lean ár bhfoirne cigireachta le faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh ceanglas ceadúnúcháin ar fud na tíre. Díríodh go láidir i mbliana ar chomhlíonadh an Ordaithe nua Rialaithe Fostaíochta san earnáil Gardála Slándála, rud a tháinig i bhfeidhm i mí an Mheithimh. Rinneamar roinnt cigireachtaí ar shealbhóirí ceadúnais atá lonnaithe sa Ríocht Aontaithe freisin.

Cuid lárnach dár misean is ea an pobal agus cliaint de chuid an tionscail slándála a chur ar an eolas faoinár n-obair rialála. Mhéadaíomar an úsáid a bhainimid as fógraíocht ar an raidió tar éis dúinn aiseolas dearfach a fháil ón bpobal agus ón tionscal araon i leith feachtais raidió roimhe. Leanamar le freastal ar mhóraontaí a bhí dírithe ar ár spriocphobal freisin.

## Sracfhéachaint ar an Tionscal Slándála sa Bhliain 2017

| Earnáil | Daoine Aonair | Conraitheoirí | Láimhdeachas (€) |
|---|---|---|---|
| Maoirseoirí Dorais (Slándáil Imeachtaí) | N/B | 43 | 3,469,434 |
| Maoirseoirí Dorais (Áitribh Cheadúnaithe) | 11,653 | 49 | 11,340,461 |
| Glasadóirí | N/B | 162 | 19,770,759 |
| Imscrúdaitheoirí Príobháideacha | N/B | 110 | 10,590,933 |
| Gardaí Slándála (Faireachán) * | N/B | 37 | 52,474,874 |
| Gardaí Slándála (Slándáil Imeachtaí) | N/B | 49 | 4,916,902 |
| Gardaí Slándála (Socair) | 23,860 | 192 | 343,173,537 |
| An Earnáil Slándála Leictreonaí | N/B | 930 | 210,858,581 |
| Airgead Tirim faoi Bhealach | 1,034 | 6 | 53,559,078 |
| **Iomlán **** | **36,547** | **1,578** | **710,154,559** |

*** Áirítear leis na figiúirí do Ghardaí Slándála (Faireachán) iad sin a dhéanann faireachán ar aláraim agus iad sin a dhéanann faireachán ar theilifís ciorcaid iata (TCI) araon**

**** Is mó an líon ceadúnas a eisíodh ná an líon daoine aonair agus conraitheoirí atá ceadúnaithe toisc go bhfuil ceadúnais i níos mó ná earnáil amháin ag roinnt sealbhóirí ceadúnais**

## Is iad seo a leanas na príomhfheidhmeanna atá ag an Údarás:

- Rialú agus maoirseacht a dhéanamh ar dhaoine a sholáthraíonn seirbhísí slándála, agus caighdeáin a chothabháil agus a fheabhsú sna seirbhísí sin a sholáthar.
- Ceadúnais a dheonú agus a athnuachan.
- Cártaí aitheantais a eisiúint chuig ceadúnaithe.
- Ceadúnais a fhionraí nó a chúlghairm.
- Clár ceadúnaithe a bhunú agus a chothabháil.
- Caighdeáin a shonrú atá le comhlíonadh agus seirbhísí slándála á soláthar.
- Cáilíochtaí nó ceanglais a shonrú le haghaidh ceadúnais a dheonú.
- Tabhairt faoi thionscadail agus gníomhaíochtaí taighde agus iad a choimisiúnú i gcás gur gá déanamh amhlaidh chun seirbhísí a phleanáil, a fhorbairt agus a sholáthar.
- Imscrúdú a dhéanamh ar na seirbhísí slándála a sholáthraíonn aon duine.
- Córas imscrúdúcháin agus breithniúcháin a bhunú agus a riar le haghaidh gearáin a imscrúdú agus a bhreithniú.
- Faireachán a dhéanamh ar an soláthar seirbhísí slándála príobháidí i gcoitinne.
- Idirchaidreamh a dhéanamh le ceadúnaithe.
- Comhairle a thabhairt don Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais maidir le nithe a bhaineann leis na feidhmeanna thuas agus an tAire a chur ar an eolas faoi fhorbairtí a chuideodh le beartas a fhorbairt.

# Misean agus Luachanna

Ar mhaithe leis an sainordú atá againn an pobal a chosaint agus caighdeáin a fheabhsú laistigh den tionscal slándála príobháidí, táimid tiomanta don mhisean agus do na luachanna seo a leanas.

## Is é an Misean atá ag an Údarás Slándála Príobháidí:

> Gníomhaíochtaí na ndaoine a oibríonn sa tionscal slándála príobháidí a rialáil chun a chinntiú go ndéanfar leasanna tomhaltóirí a chosaint ina n-iomláine trí chaighdeáin chuí a bhunú agus a chur chun cinn agus trí fhaireachán agus forfheidhmiú a dhéanamh ar na caighdeáin sin.

## I gcomhréir leis an bhFís atá againn:

Is é tionscal atá ceadúnaithe agus profa agus a bhfuil ardchaighdeáin feidhmíochta agus saineolais ar bun aige a dhéanfaidh leasanna tomhaltóirí a chosaint. Cloífear leis an bhfís sin trí fhaireachán leanúnach a dhéanamh ar gach soláthraí ceadúnaithe agus trí ghníomh spriocdhírithe a dhéanamh in aghaidh daoine a sháraíonn na caighdeáin atá i bhfeidhm. Tá sé mar aidhm againn tionscal a bheith againn;

- Ina mbunathraítear an tionscal chun feabhais a bhuí leis an bhforfheidhmiú láidir a dhéantar ann
- Ina bhfuil leibhéil fheabhsaithe Oiliúna agus Oideachais
- Ina laghdaítear an choiriúlacht
- Ina gcuirtear ceadúnú i bhfeidhm ina iomláine sna réimsí sin nach bhfuil ceadúnaithe go fóill

agus tá sé mar aidhm againn Údarás Slándála Príobháidí a bheith againn;

- A bhfuil dóthain acmhainní aige chun seirbhísí a sholáthar
- A sholáthraíonn seirbhísí ar bhealach níos fearr

## Is iad seo a leanas na Luachanna a gclóimid leo le linn dúinn ár ngnó a sheoladh:

- Obair i gcomhpháirt leis an Tionscal agus le geallsealbhóirí ábhartha eile chun creat rialála a fhorbairt a rachaidh chun tairbhe do sholáthraithe seirbhíse agus don phobal i gcoitinne.

- Sársheirbhís do chustaiméirí a chur ar fáil do shealbhóirí reatha ceadúnais, d'iarratasóirí nua ar cheadúnas agus do thomhaltóirí de chuid seirbhísí slándála príobháidí.

- Costais a laghdú.

- Ár ngnó a sheoladh ar bhealach trédhearcach, cothrom agus comhréireach.

- A bheith inár bhfostóir eiseamláireach trí thimpeallacht a chruthú ina mbeidh acmhainní leordhóthanacha ag ár mbaill foirne agus ina bhforbróidh siad na scileanna a theastaíonn uathu chun feidhmiú de réir a lánchumais agus a lánacmhainne.

- Dlúthchaidreamh oibre a chothabháil le comhlachtaí/eagraíochtaí eile a dtéann sainchúram an Údaráis i bhfeidhm go díreach ar a gcuid gnó nó oibre.

- Timpeallacht níos sábháilte a sholáthar don phobal i gcoitinne trína chinntiú go gcuirtear deireadh leis an acmhainneacht atá ann tabhairt faoin gcoiriúlacht laistigh den tionscal.




***Padraic Cafferty, Comhalta den Bhord, Paul Scallan, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, agus baill foirne an Údaráis ag Móraonach ISEC i mí Aibreáin***

# Bord an Údaráis

| | |
|---|---|
| **Noel Lappin** | Cathaoirleach |
| **Padraic Cafferty** | Ionadaí d'Fhostóirí |
| **Siobhán Carew** | Ionadaí do Bhaill Foirne an Údaráis Slándála Príobháidí |
| **Alan Durnan** | Ionadaí d'Fhostóirí |
| **John Garry** | Ionadaí don Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais |
| **Sean Heading** | Ionadaí d'Fhostaithe |
| **Geraldine Kelly** | Ionadaí Dlíthiúil |
| **An Coimisinéir Cúnta John O'Driscoll** | Ionadaí don Gharda Síochána |
| **Richard O'Farrell** | Ceapaí Lánroghnach Neamhshainithe |
| **Bryan Redmond** | Ionadaí don Aire Oideachais agus Scileanna |
| **Christy Waters** | Ionadaí d'Fhostaithe |

## An Fhoireann Ardbhainistíochta

| | |
|---|---|
| **Paul Scallan** | *Príomhfheidhmeannach |
| **Seamus Burke** | Príomh-Chigire |
| **Grace Grant** | Ceann Gnóthaí Corparáideacha |
| **Colm Hassett** | Ceann um Cheadúnú Daoine Aonair |
| **Colin Murphy** | Ceann um Cháilíochtaí agus Caighdeáin |

*** Gníomhaíonn an Príomhfheidhmeannach mar Cheann um Cheadúnú Conraitheoirí freisin**

# Rialachas Corparáideach

Tá an Bord agus an Príomhfheidhmeannach tiomanta dá chinntiú go ngníomhaíonn an tÚdarás de réir an dea-chleachtais chorparáidigh i gcónaí. Tá Rialachas Corparáideach laistigh den Údarás bunaithe orthu seo a leanas:

- An Cód Iompair do Rialachas Comhlachtaí Stáit.
- Na hAchtanna um Sheirbhísí Slándála Príobháidí.
- An Cód Iompair do Chomhaltaí Boird ó Bhord an Údaráis.
- Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí/Nósanna Imeachta Soláthair Phoiblí.

Mar aon leis an méid thuas, comhlíonann an tÚdarás gach treoir ilghnéitheach eile ar nithe rialachais chorparáidigh arna n-eisiúint ag an Roinn thar ceann na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe nó thar ceann Ranna Rialtais eile ó am go chéile. Ar an mbealach sin, cinntíonn sé go bhfuil struchtúir agus próisis chuí i bhfeidhm chun an leibhéal is airde rialachais chorparáidigh a choinneáil ar bun.

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíonann na comhaltaí den Bhord agus baill foirne a shealbhaíonn poist ainmnithe san Údarás forálacha an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí agus forálacha an Achta um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí.

Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca de chuid an Bhoird athbhreithniú agus measúnú ar oibríochtaí airgeadais an Údaráis. Tá an tÚdarás faoi réir iniúchadh ag an Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste freisin. Faigheann an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin tacaíocht ó Fhoireann Iniúchóireachta an Údaráis chomh maith. Cuirtear soláthar i gcrích de réir Treoirlínte Soláthair Phoiblí i gcomhairle leis an nGrúpa Straitéise Soláthair sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, de réir mar is gá, agus de réir beartas arna bhfoilsiú ag an Roinn Airgeadais agus ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin freagrach don Bhord as comhlíonadh a dhualgas agus as cibé faisnéis i ndáil le comhlíonadh na ndualgas sin atá forordaithe le reachtaíocht a thabhairt dó. Coinníonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Tuarascáil Bainistíochta Riosca ar bun agus cuirtear í i láthair ag gach cruinniú Boird. Is é is aidhm don Tuarascáil a chinntiú go ndéantar rioscaí a shainaithint agus a mheasúnú agus go gcuirtear na gníomhartha maolaithe riachtanacha i bhfeidhm de réir na n-acmhainní atá ar fáil.

# Rialachas Corparáideach

Chuaigh téarma Bhord an Údaráis in éag sa bhliain 2017. Tháinig an Bord roimhe le chéile 3 huaire le linn na bliana, agus achoimrítear an freastal ar na cruinnithe sin sa tábla thíos:

| AINM | 30/01/2017 | 27/03/2017 | 29/05/2017 |
|---|---|---|---|
| **Noel Lappin** | √ | √ | √ |
| **Ann Reid** | √ | √ | √ |
| **Padraic Cafferty** | √ | √ | √ |
| **Freda O'Dowd** | X | √ | √ |
| **Arthur Hall** | X | X | X |
| **John O'Driscoll** | √ | √ | X |
| **Christy Waters** | √ | X | √ |
| **Helen Curley** | √ | √ | √ |
| **Mary Rose Kinane** | √ | √ | √ |
| **Marion Walsh** | √ | √ | √ |
| **Geraldine Kelly** | √ | √ | √ |

Rinne an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais bord nua a cheapadh an 9 Samhain 2017. Tionóladh an chéad chruinniú de chuid an Bhoird an 4 Nollaig agus bhí na comhaltaí uile i láthair. Tá liosta de na comhaltaí reatha den Bhord le fáil ar leathanach 10 den tuarascáil seo.

Tháinig an Coiste Iniúchóireachta roimhe le chéile le hoifigigh ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste uair amháin le linn na bliana. Bhuail sé le cuntasóir an Údaráis i mí na Bealtaine. Chuir an Coiste na tuarascálacha seo a leanas faoi bhráid an Bhoird:

- An leagan nua den Chód Rialachais
- Tuarascáil ar an gcruinniú leis an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus an Tuarascáil Iniúchta ón Ard-Reachtaire
- An Tuarascáil ó Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí na Roinne don bhliain 2017
- Clár Oibre an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca suas go mí Iúil 2017
- An Tuarascáil Bhliantúil ón gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca don tréimhse ón 01 Meán Fómhair go dtí an 29 Bealtaine 2017

Ceapadh Coiste Iniúchóireachta agus Riosca nua i mí na Nollag 2017.

# Sracfhéachaint ar an mBliain 2017

Bhí 1,323 Chonraitheoir Ceadúnaithe

ag Deireadh na Bliana

(2016: 1,157)

Bhí 28,648 nDuine Aonair Ceadúnaithe

ag Deireadh na Bliana

(2016: 27,544)

Tosaíodh ar Ghlasadóirí a Cheadúnú

€3,140,385

Ioncam ó Tháillí

(2016: €3,260,198)

Tugadh Córas Athnuachana ar Líne Isteach do Chonraitheoirí

Seoladh 864 Chás Forfheidhmiúcháin

(2016: 1,068)

Próiseáladh 14,574 Iarratas

(2016: 16,673)

41 Bhall Foirne

(2016: 40)

# Plean Straitéiseach, 2014 go 2017

Chuaigh an tríú plean straitéiseach ón Údarás don tréimhse 2014 go 2017 as feidhm i mí Iúil 2017 tráth a chuaigh téarma oifige an Bhoird roimhe in éag. Leagadh amach sa Phlean an treo straitéiseach don Údarás le linn na tréimhse sin agus tá siad seo a leanas i measc na n-éachtaí a baineadh amach ina leith;

- Leathnaíodh ceadúnú chuig conraitheoirí san earnáil Lárionad Faireacháin ar Aláraim agus ar TCI, san earnáil Slándála Imeachtaí, san earnáil Glasadóirí agus san earnáil Imscrúdaitheoirí Príobháideacha.
- Laghdaíodh táillí ceadúnais do chonraitheoirí.
- Bogadh ó cheadúnas 2 bhliain go ceadúnas 3 bliana do dhaoine aonair agus tháinig laghdú ar tháillí ceadúnais d'iarratasóirí dá bharr sin.
- Forbraíodh córais iarratais ar líne.
- Scaipeadh tuilleadh faisnéise ar an bpobal agus méadaíodh feasacht ina measc.

Ba iad seo a leanas na príomhspriocanna a bhí leagtha amach sa Phlean Straitéiseach:

**Sprioc 1: Leanúint leis an tionscal slándála príobháidí a rialáil ar bhonn céimnithe.**

**Sprioc 2: Comhlíonadh ceanglas ceadúnúcháin a chinntiú.**

**Sprioc 3: Caighdeáin a ardú laistigh den tionscal.**

**Sprioc 4: Feabhas a chur ar cháilíocht agus minicíocht ár gcumarsáidí.**

**Sprioc 5: Baill Foirne a Fhorbairt.**

**Sprioc 6: Barrfheabhas a chur ar an ról a imríonn cigirí an Údaráis i maoirseacht a dhéanamh ar dheimhniú.**

## Sracfhéachaint ar an mBliain 2017

Sprioc 1

Tosaíodh ar Ghlasadóirí a cheadúnú

Sprioc 2

Tugadh Cuairteanna Comhlíonta ar níos mó ná 3,800 Gnólacht

Sprioc 3

Comhaontaíodh oiliúint d'Fhostaithe i Lárionaid Faireacháin

Sprioc 4

Gradam i leith ár Seirbhísí do Chustaiméirí

Sprioc 5

Leanadh le hinfheistíocht a dhéanamh in Oiliúint agus Leas Foirne

Sprioc 6

An Chéad Imeacht de chuid an Fhóraim Iniúchóirí Comhlachtaí Deimhniúcháin


Foilsíodh Cód Iompair d'Iniúchóirí

# An Dul Chun Cinn a Rinneadh ar ár Spriocanna

## Sprioc 1: Leanúint leis an tionscal slándála príobháidí a rialáil ar bhonn céimnithe.

**Dul Chun Cinn Rialála**

Rinneadh tuilleadh dul chun cinn ar ár sainordú rialála nuair a tosaíodh ar Ghlasadóirí a cheadúnú i mí Feabhra. Tá 90% dár sainordú rialála i gceadúnú Gnólachtaí agus 87% dár sainordú rialála i gceadúnú Daoine Aonair bainte amach againn anois.




**Fíor 1 Forbhreathnú ar na gnólachtaí sa tionscal, ina léirítear iad sin atá ceadúnaithe/atá le ceadúnú**


Sainaithnítear sna hAchtanna um Sheirbhísí Slándála Príobháidí 8 gcinn de sheirbhísí slándála atá faoi réir rialáil ag an Údarás. Is iad seo a leanas na seirbhísí sin:

- Maoirseoirí Dorais
- Suiteálaithe Trealaimh Shlándála
- Glasadóirí
- Imscrúdaitheoirí Príobháideacha
- Soláthraithe Foirmeacha Cosanta Iompair
- Sainchomhairleoirí Slándála
- Gardaí Slándála
- Soláthraithe nó Suiteálaithe Taisceadán

# An Dul Chun Cinn a Rinneadh ar ár Spriocanna

Tá dhá earnáil conraitheoirí fós le ceadúnú - Sainchomhairleoirí Slándála agus Soláthraithe agus Suiteálaithe Taisceadán. Sa bhliain 2018, tosófar ag obair ar chaighdeán a fhorbairt don dá earnáil. Cé nár ceadúnaíodh aon earnálacha aonair nua le linn na bliana 2017, rinneadh cuid mhór oibre ar cheanglais oiliúna a cheapadh don earnáil Lárionad Faireacháin ar Aláraim agus ar TCI agus don earnáil Slándála Imeachtaí. Táthar ag súil go gceadúnófar an dá earnáil sin le linn na bliana 2018.

Tá an earnáil Slándála Leictreonaí sainaitheanta againn cheana féin mar chéad tosaíocht eile ó thaobh ceadúnú daoine aonair de. Tugadh faoin obair ullmhúcháin ar cheanglais oiliúna a cheapadh don earnáil le linn na bliana. Tosaíodh ag obair ar oiliúint a fhorbairt don earnáil Imscrúdaitheoirí Príobháideacha lena linn freisin. Tá sé beartaithe gur sa bhliain 2018 a fhógrófar tréimhse ama le haghaidh an dá earnáil a cheadúnú. Agus iad freagrach as níos lú ná 3% den daonra ceadúnúcháin, is earnálacha beaga iad na hearnálacha eile a bhfuil daoine aonair fós le ceadúnú iontu - is iad sin, an earnáil Glasadóirí, an earnáil Soláthraithe agus Suiteálaithe Taisceadán agus an earnáil Sainchomhairleoirí Slándála.




**Fíor 2 Forbhreathnú ar na daoine aonair sa tionscal, ina léirítear iad sin atá ceadúnaithe/atá le ceadúnú**

# An Dul Chun Cinn a Rinneadh ar ár Spriocanna

**Ceadúnú Gnólachtaí**

Bhí 1,606 cheadúnas i gcúrsaíocht ag deireadh na bliana, suas ó 1,368 gcinn ag deireadh na bliana 2016. Eisíodh 162 cheadúnas de bhun ceadúnú a thabhairt isteach san earnáil Glasadóirí. Bhí méadú 123 cheadúnas ann ar an líon ceadúnas a bhí i gcúrsaíocht san earnáil Slándála Leictreonaí le linn na bliana. Bhí an earnáil Maoirseoirí Dorais (Slándáil Imeachtaí) ar an aon earnáil amháin eile inar taifeadadh méadú ar an líon ceadúnas, agus méadú 2 cheadúnas tagtha ar an bhfigiúr don bhliain 2016. Bhí laghdú ann ar an líon sealbhóirí ceadúnais i ngach earnáil eile le linn na bliana. Is dóigh go bhfuil a lán cúiseanna taobh thiar den laghdú sin. San earnáil Imscrúdaitheoirí Príobháideacha (ina raibh laghdú 21 cheadúnas), mar shampla, tá seans ann go raibh a lán athnuachaintí dlite ag deireadh na bliana agus nár athnuadh in am iad. Tá an líon ceadúnas san earnáil Maoirseoirí Dorais (Áitribh Cheadúnaithe) agus san earnáil Gardaí Slándála (Socair) ag laghdú go seasta le blianta beaga anuas freisin. Mhéadaigh an líon iomlán conraitheoirí a raibh ceadúnas acu ó 1,157 nduine i dtús na bliana go 1,323 dhuine ag an 31 Nollaig 2017.

**Tábla 1 Comparáid idir an Líon Ceadúnas a Eisíodh le haghaidh gach earnála idir an bhliain 2014 agus an bhliain 2017**

| | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| MAOIRSEOIRÍ DORAIS (ÁITRIBH CHEADÚNAITHE) | 64 | 55 | 52 | 43 |
| MAOIRSEOIRÍ DORAIS (SLÁNDÁIL IMEACHTAÍ) | 27 | 44 | 47 | 49 |
| GLASADÓIRÍ | N/B | N/B | N/B | 162 |
| IMSCRÚDAITHEOIRÍ PRÍOBHÁIDEACHA | N/B | 64 | 131 | 110 |
| GARDAÍ SLÁNDÁLA (FAIREACHÁN AR ALÁRAIM) | 39 | 39 | 40 | 36 |
| GARDAÍ SLÁNDÁLA (FAIREACHÁN AR TCI) | 21 | 28 | 31 | 29 |
| GARDAÍ SLÁNDÁLA (SLÁNDÁIL IMEACHTAÍ) | 31 | 51 | 55 | 49 |
| GARDAÍ SLÁNDÁLA (SOCAIR) | 214 | 202 | 199 | 192 |
| SUITEÁLAITHE SLÁNDÁLA LEICTREONAÍ | 666 | 733 | 807 | 930 |
| AIRGEAD TIRIM FAOI BHEALACH | 7 | 7 | 6 | 6 |
| IOMLÁN | **1,069** | **1,223** | **1,368** | **1,606** |

Fuarthas 827 n-iarratas ó chonraitheoirí le linn na bliana, a chuimsigh 316 iarratas chéaduaire, 485 iarratas ar athnuachan, agus 26 iarratas ar earnáil/earnálacha eile a chur le ceadúnas a bhí ann cheana.

# An Dul Chun Cinn a Rinneadh ar ár Spriocanna

Athnuachaintí Ceadúnais

Den 527 gconraitheoir a raibh a gceadúnas le hathnuachan acu le linn na bliana, rinne 485 dhuine amhlaidh faoi dheireadh na bliana. Agus é cothrom le 8%, b'airde an ráta neamh-athnuachana sa bhliain ná an figiúr 3% a taifeadadh sa bhliain 2016. Tá an méadú sin inchurtha i leith neamh-athnuachan ceadúnas Imscrúdaitheoirí Príobháideacha, a chuaigh tríd an gcéad timthriall athnuachana sa dá mhí dheireanacha den bhliain 2017. Tarchuirtear gach cás neamh-athnuachana le haghaidh gníomh comhlíonta, agus leanfar le hathnuachaintí don bhliain 2017 a fháil le linn na bliana 2018.

Iarratais ar Diúltaíodh Dóibh

Dhiúltaíomar do 23 cinn (3%) de na hiarratais uile a fuarthas le linn na bliana 2017. Taisceadh iarratais bhailí i leith 7 gcinn díobh sin ina dhiaidh sin. Diúltaíodh do 22 iarratas toisc gur mhainnigh an t-iarratasóir ceanglais an cheadúnúcháin a chomhlíonadh. Sa bhliain 2017, rinneadh 5 achomharc chun an Bhoird Achomhairc um Shlándáil Phríobháideach in aghaidh breitheanna ar iarratais ó chonraitheoirí.

An Bord Achomhairc um Shlándáil Phríobháideach

Chuaigh téarma an Bhoird Achomhairc roimhe in éag i mí Aibreáin 2016 agus ceapadh Bord nua ina áit i mí na Bealtaine 2017. Bhí 5 achomharc ar feitheamh breithe ag deireadh na bliana 2016. Rinneadh 5 achomharc eile ó chonraitheoirí a thaisceadh leis an mBord Achomhairc le linn na bliana 2017, rud a d'fhág go raibh 10 n-achomharc san iomlán ar feitheamh cinnidh. Cuireadh 9 gcinn díobh sin i gcrích faoi dheireadh na bliana. Sheas an Bord Achomhairc leis an mbreith ón Údarás i 6 chás; chuir sé an bhreith uainn siar in 2 chás; agus tarraingíodh achomharc amháin siar.

Ceadúnais Shealadacha

Fuaireamar 79 n-iarratas nua ar cheadúnais shealadacha sa bhliain 2017, síos ó 93 cinn sa bhliain 2016. Mar fhreagairt d'ábhair imní an tionscail, thugamar bearta nua isteach sa bhliain 2016 chun saolré na gCeadúnas Sealadach a laghdú. D'éirigh go measartha leis na bearta sin, agus formhór na n-iarratasóirí ag imeacht ón gcóras ceadúnas sealadach laistigh de thréimhse 6 mhí. D'aistrigh 83 chonraitheoir ó cheadúnas sealadach chuig ceadúnas iomlán le linn na bliana. Diúltaíodh ceadúnas iomlán do cheathrar conraitheoirí den sórt sin.

Eisítear ceadúnais shealadacha chuig conraitheoirí nua san earnáil Slándála Leictreonaí ionas gur féidir leo córais a shuiteáil ar mhaithe leis na caighdeáin a theastaíonn chun críocha ceadúnúcháin a ghnóthú. Bhí 51 cheadúnas shealadacha i gcúrsaíocht ag deireadh na bliana.

# An Dul Chun Cinn a Rinneadh ar ár Spriocanna


Táillí Ceadúnais

B'ionann iomlán na dtáillí ceadúnais chonraitheoirí don bhliain agus €1,308,837, i gcomparáid le €1,274,836 sa bhliain 2016 agus le €1,000,750 sa bhliain 2015 (arb í an bhliain inchomparáide sa timthriall ceadúnais 2 bhliain í). Is féidir an méadú a chur i leith dhá thoisc, is iad sin: ceadúnú a thabhairt isteach san earnáil Glasadóirí, agus an méadú ar láimhdeachas na gconraitheoirí mar thoradh ar an ngeilleagar atá ag fás, rud a fhágann go mbogann conraitheoirí chuig bandaí táillí níos airde.

**Tábla 2 An Láimhdeachas Conraitheoirí a taifeadadh in iarratais ar cheadúnais idir an bhliain 2014 agus an bhliain 2017**

| Bliain | Láimhdeachas |
|---|---|
| 2014 | €596,522,000 |
| 2015 | €622,193,000 |
| 2016 | €653,971,000 |
| 2017 | €710,155,000 |

Léirítear i dTábla 2 thuas go leanann an tionscal slándála ag fás ar aon dul le fás geilleagrach na tíre. Cé go gcuirtear an dá earnáil nua - Imscrúdaitheoirí Príobháideacha (€10.5m) agus Glasadóirí (€20m) - ar áireamh sna figiúirí, leanann bunláimhdeachas na n-earnálacha ceadúnaithe ag méadú gach bliain.




**Fíor 3 Forbhreathnú ar láimhdeachas conraitheoirí de réir earnála sa bhliain 2017**

# An Dul Chun Cinn a Rinneadh ar ár Spriocanna

**Ceadúnú Daoine Aonair**

Ba í an bhliain 2017 an chéad bhliain inar próiseáladh 100% d'iarratais trínár gcórais ar líne, de réir mar a bhaineamar tairbhe as an infheistíocht atáthar ag déanamh i gcórais TF le blianta beaga anuas. Bhí 28,648 gceadúnas daoine aonair i gcúrsaíocht ag deireadh mhí na Nollag. B'ionann an figiúr sin agus méadú 1,104 cheadúnas ar an bhfigiúr don bhliain 2016. Bhí méadú ó 15,558 gceadúnas go 15,961 cheadúnas ann ar an líon ceadúnas a bhí ann san earnáil Gardaí Slándála (Socair) agus bhí méadú 779 gceadúnas ann ar an líon ceadúnas Maoirseoirí Dorais/Gardaí Cosanta a bhí ann. Lean an líon ceadúnas Maoirseoirí Dorais ar aghaidh ag laghdú. Bhí laghdú ó 3,942 cheadúnas go 3,754 cheadúnas ann. Bhíothas ag súil leis an méadú a bhí ann i gceadúnais Airgid Thirim faoi Bhealach mar gheall ar athstruchtúrú an tionscail tar éis do chonraitheoir amháin tarraingt siar sa bhliain 2016.

**Tábla 3 Comparáid idir an Líon Ceadúnas a Eisíodh le haghaidh gach earnála idir an bhliain 2014 agus an bhliain 2017**

| | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| **AIRGEAD TIRIM FAOI BHEALACH** | 1,050 | 1,139 | 924 | 1,034 |
| **MAOIRSEOIRÍ DORAIS (ÁITRIBH CHEADÚNAITHE)** | 4,632 | 4,302 | 3,942 | 3,754 |
| **GARDAÍ SLÁNDÁLA (SOCAIR)** | 15,639 | 16,553 | 15,558 | 15,961 |
| **MAOIRSEOIRÍ DÓRAIS AGUS GARDAÍ SLÁNDÁLA** | 6,360 | 6,787 | 7,120 | 7,899 |
| **IOMLÁN** | **27,681** | **28,781** | **27,544** | **28,648** |

B'ionann iomlán na dtáillí ceadúnais daoine aonair don bhliain agus €1,831,547, i gcomparáid le €1,985,352 sa bhliain 2016 agus le €1,712,337 sa bhliain 2015 (arb é an figiúr inchomparáide sa tsamhail ceadúnais 2 bhliain é). Tháinig an méadú ar na figiúirí don bhliain 2015 as an timthriall nua ceadúnais trí bliana a thabhairt isteach i mí na Nollag 2015, rud a raibh méadú beag sa táille ceadúnais mar chuid de. Ní bheidh aon cheadúnais dlite sa bhliain 2018 mar thoradh ar an timthriall nua 3 bliana.

<u>Iarratais ar Cheadúnais</u>

Fuaireamar 13,906 iarratas ar cheadúnais daoine aonair sa bhliain 2017. Diúltaíodh do 1,520 ceann de na hiarratais sin (11%). Thit an ráta diúltaithe faoi 6% i gcomparáid leis an mbliain 2016, rud a gcuirtear fáilte roimhe mar gur suntasach a bhíonn na hacmhainní a theastaíonn chun déileáil le hiarratais a ndiúltaítear dóibh. I measc nithe eile, diúltaítear d'iarratais mar go bhfuil foirmeacha iarratais neamhiomlán nó go bhfuil doiciméid ar iarraidh, amhail Deimhnithe Taifid Choiriúil. I gcás an chuid is mó d'iarratais a ndiúltaítear dóibh, taisceann an t-iarratasóir iarratas bailí ina dhiaidh sin. Is amhlaidh, áfach, go mbíonn líon beag iarratasóirí ann a ndiúltaítear dá n-iarratas dhá uair nó níos mó. Ba cheart go gcinnteodh cur i bhfeidhm na Seirbhíse nua Bailíochtaithe Aitheantais sa bhliain 2018 gurb iomlán atá gach iarratas sula gcuirtear faoi bhráid an Údaráis iad.

# An Dul Chun Cinn a Rinneadh ar ár Spriocanna

De 12,386 iarratas bhailí a fuarthas, b’iarratais chéaduaire iad 4,907 gcinn agus b’athnuachaintí iad 7,479 gcinn.

**Tábla 4 An Tionchar a bhí ag dul as feidhm ceadúnas agus ag eisiúint ceadúnas sa bhliain 2017**

| | Ceadúnais a Chuaigh as Feidhm | Ceadúnais a Athnuadh | Ceadúnais nár Athnuadh | Ceadúnais Chéaduaire a Eisíodh | Iomlán na gCeadúnas a Eisíodh | Difríocht: Ceadúnais a Eisíodh thar Cheadúnais a Chuaigh as Feidhm |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **2017** | **11,301 (100%)** | **7,576 (67%)** | **3,725 (33%)** | **4,183 (37%)** | **11,758 (104%)** | **+458 (+4%)** |

Tá an ráta neamh-athnuachana (33%) ar an ráta is lú a taifeadadh riamh le haghaidh ceadúnú daoine aonair agus is féidir é a chur síos don chóras athnuachana ar líne, lena simplítear an próiseas athnuachana. Mar is féidir a fheiceáil ón tábla thuas, bhí an líon ceadúnas céaduaire a eisíodh sa bhliain 2017 458 gcinn níos mó ná an líon ceadúnas nár athnuadh. Anuas air sin, d’athnuaigh an tÚdarás 624 cheadúnas i gcás go ndeachaigh an ceadúnas roimhe as feidhm sa bhliain 2016, rud ba chúis le méadú 1,104 dhuine a bheith ann ar an líon daoine atá ceadúnaithe.

Diúltuithe agus Achomhairc

Dhiúltaíomar do 79 n-iarratas ar cheadúnas sa bhliain 2017. Féadfaidh daoine aonair atá míshásta leis an mbreith uainn achomharc a dhéanamh chun an Bhoird Achomhairc um Shlándáil Phríobháideach. Mar atá luaite in áit eile, ceapadh Bord Achomhairc nua i mí na Bealtaine. Bhí 18 n-achomharc ann sa bhliain agus bhí 15 cinn eile idir lámha. Rinneadh iad sular ceapadh an Bord Achomhairc nua. Faoi dheireadh na bliana, thug an Bord Achomhairc breithiúnas ar 26 achomharc. Sheas sé leis an mbreith uainn i 20 cás agus chuir sé an bhreith uainn ar ceal i 5 chás. Tarraingíodh achomharc amháin siar.

# An Dul Chun Cinn a Rinneadh ar ár Spriocanna

## Sprioc 2: Comhlíonadh ceanglas ceadúnúcháin a chinntiú.

Cinntíonn an tÚdarás comhlíonadh na gceanglas ceadúnúcháin trí fhaireachán a dhéanamh ar cheadúnaithe agus trí dhul i mbun gnímh in aghaidh na ndaoine sin atá ag sárú na nAchtanna um Sheirbhísí Slándála Príobháidí. Sa bhliain 2017, bhí ár bhfoireann forfheidhmiúcháin comhdhéanta de cheathrar cigirí réigiúnacha, de 12 chigire sheachtracha agus de dheichniúr ball foirne sa cheanncheathrú ar cigirí faoi bharántas iad agus ar féidir leo páirt a ghlacadh i dtionscadail chigireachta agus i dtionscadail chomhlíonta. Cuireann sé sin ar ár gcumas ár ngníomhartha comhlíonta a spriocdhíriú agus freagairt go mear do thuairiscí ar neamhchomhlíonadh.

Uirlis thábhachtach a chabhraíonn linn neamhchomhlíonadh a chomhrac agus ár n-acmhainní cigireachta a spriocdhíriú atá sna tuairiscí faisnéise a fhaightear ón tionscal agus ón bpobal. Fuaireamar 367 dtuairisc faisnéise sa bhliain 2017, i gcomparáid leis na 339 gcinn a fuarthas sa bhliain roimhe. Maidir leis na cásanna a fuarthas, níor imscrúdaíodh 23% díobh mar gur imscrúdaíodh iad roimhe sin, mar nár leor an fhaisnéis nó mar go raibh an conraitheoir ceadúnaithe cheana féin. I gcás nach n-imscrúdaímid tuairiscí faisnéise, coinnítear an fhaisnéis. Má fhaightear tuilleadh tuairiscí ar an aon ní amháin, athbhreithnítear iad chun a chinneadh cé acu ba cheart nó nár cheart imscrúdú a thosú.

Maidir le 283 cinn de na tuairiscí faisnéise a imscrúdaíodh, bhí siad ina gcuid de na 864 chás forfheidhmiúcháin a osclaíodh sa bhliain. Is laghdú é sin ar an líon cásanna a osclaíodh sa bhliain 2016, arbh ionann é agus 1,068 gcás.

Comhlíonadh i measc Conraitheoirí

Rinneamar 141 chigireacht ar chonraitheoirí sa bhliain 2017, ar lena linn a thugamar cuairt ar shealbhóirí ceadúnais agus a d'iniúchamar a dtaifid chun a chinntiú go rabhthas ag comhlíonadh na rialachán ceadúnúcháin. I dTuarascálacha Bliantúla roimhe uainn, leagamar béim ar na rátaí ísle comhlíonta a aimsíodh le linn cigireachtaí, go háirithe i bhfianaise an chórais deimhniúcháin, a bhfuil mar aidhm leis buntacú le ceadúnú. Cé gur tháinig laghdú sa bhliain 2017 ar an gcéatadán de neamh-chomhréireachtaí Chatagóir 1 (an chatagóir is tromchúisí), laghdaigh an céatadán de chonraitheoirí lánchomhlíontacha ó 35% go 25%. Níl ag éirí lenár n-iarrachtaí dul i ngleic leis an bhfadhb sin tríd an bpróiseas deimhniúcháin agus, dá bharr sin, triailfimid samhail deimhniúcháin nua sa bhliain 2018.

**Tábla 5 Rátaí Comhlíonta i gCigireachtaí ar Chonraitheoirí**

| Torthaí | 2016 | 2017 |
|---|---|---|
| An % a bhí Lánchomhlíontach | 35% | 25% |
| An % de neamh-chomhréireachtaí Chatagóir 1 | 53% | 47% |
| An % de neamh-chomhréireachtaí Chatagóir 2 | 8% | 15% |
| An % de neamh-chomhréireachtaí Chatagóir 3 | 3% | 3% |
| An % de chásanna ina bhfuil an Chigireacht ar Siúl | 1% | 10% |

# An Dul Chun Cinn a Rinneadh ar ár Spriocanna

Ceannaitheoirí Slándála

Gné an-tábhachtach dár gcuid oibre is ea a chinntiú go bhfuil na ceannaitheoirí slándála ar an eolas faoin gcóras ceadúnúcháin agus nach bhfostaíonn siad ach conraitheoirí slándála príobháidí agus daoine aonair atá ceadúnaithe. Go dtí seo, tá an chumhacht chun cliant de chuid soláthraí neamhcheadúnaithe seirbhíse slándála a ionchúiseamh ar cheann de na huirlisí is éifeachtaí i gcomhlíonadh na gceanglas ceadúnúcháin a chinntiú. Cé nach n-úsáidtear é go minic, is gnách gur leor bagairt an ionchúisimh chun comhlíonadh rialála a chinntiú. D'imscrúdaíomar 341 chliantchás sa bhliain 2017. Cé gur aimsíodh go raibh formhór na gcliant ag comhlíonadh na rialachán ceadúnúcháin, bhí 64 chás ann ar dá mbarr a foirceannadh na conarthaí a bhí ag soláthraithe neamhcheadúnaithe.

Leanann ár gcigirí seachtracha ar aghaidh ag comhlíonadh ról tábhachtach a chabhraíonn linn cleachtaí comhlíonta a dhéanamh ar fud na tíre. Lean siad ar aghaidh sa bhliain ag díriú ar an earnáil slándála leictreonaí. Thug siad cuairt ar bhreis agus 3,700 áitreabh gnó. Anuas ar a chinntiú go gcloítear leis na rialacháin cheadúnúcháin, comhlíonann na cigirí ról ríthábhachtach i dteachtaireacht an Údaráis a chur chun cinn i measc an lucht gnó.

Comhlíonadh Daoine Aonair

Is é an aidhm atá le comhlíonadh daoine aonair a chinntiú gur ceadúnaithe atá na daoine sin a fhostaítear chun seirbhísí slándála a chur ar fáil agus go gcomhlíonann siad an ceanglas le suaitheantais aitheantais a chaitheamh. Sa bhliain 2017, rinneadh 1,228 gcigireacht neamhfhógartha ar áitribh cheadúnaithe, ar asraonta miondíola agus ar raon gnóthas eile i 151 láthair sa tír. Ar na daoine aonair ar thángthas orthu, aimsíodh go raibh 97% díobh ceadúnaithe agus ag caitheamh a suaitheantais aitheantais.

**Tábla 6 Sonraí faoi Chigireachtaí ar Dhaoine Aonair don bhliain 2017**

| Sonraí | Maoirseoirí Dorais | Gardaí Slándála | Iomlán |
|---|---|---|---|
| **Cigireachtaí** | 88 | 63 | 151 |
| **Áitribh ar Tugadh Cuairt orthu** | 602 | 626 | 1,228 |
| **Áitribh a bhfuil Slándáil acu** | 380 | 450 | 830 |
| **Atá comhdhéanta de Chonraitheoirí** | 148 | 347 | 495 |
| **Atá comhdhéanta de Bhaill Foirne Inmheánacha** | 213 | 63 | 276 |
| **Atá comhdhéanta de Chonraitheoirí agus de Bhaill Foirne Inmheánacha** | 19 | 40 | 59 |
| **Baill Foirne Slándála ar Thángthas Orthu** | 975 | 650 | 1,625 |
| **Comhlíonadh Suaitheantas Aitheantais** | 96% | 99% | 97% |

# An Dul Chun Cinn a Rinneadh ar ár Spriocanna

Gníomhartha um Chomhlíonadh

Ar na gníomhartha um chomhlíonadh a fhéadfaimid a dhéanamh in aghaidh sealbhóirí ceadúnais a sháraíonn na rialacháin cheadúnúcháin tá ionchúiseamh, an ceadúnas a chúlghairm nó a fhionraí agus fógra forfheidhmiúcháin a eisiúint. Sa bhliain 2017, thugamar ionchúiseamh amháin os comhair na gcúirteanna. De bhreis air sin, cúlghaireadh an ceadúnas i gcás naonúr conraitheoirí agus naonúr daoine aonair agus fionraíodh an ceadúnas ar feadh tréimhse i gcás conraitheoir amháin agus ceathrar daoine aonair. Eisíodh 45 fhógra forfheidhmiúcháin san iomlán chuig daoine aonair sa bhliain. I gcás go bhfaightear go bhfuil conraitheoir ar tugadh fógra forfheidhmiúcháin dó ag déanamh sárú eile ar na rialacháin cheadúnúcháin, déantar breithniú ar cheadúnas an chonraitheora sin a chúlghairm nó a fhionraí.

Foráiltear le halt 39 de na hAchtanna um Sheirbhísí Slándála Príobháidí do shásra faoina bhféadfaidh duine gearán foirmiúil a dhéanamh in aghaidh sealbhóir ceadúnais. Fuarthas naoi ngearán den sórt sin sa bhliain 2017. Tarraingíodh cás amháin siar ina dhiaidh sin. In dhá chás, níor sheas an tÚdarás leis an ngearán agus, i gcás amháin, sheas sé leis an ngearán. Bhí cúig chás á bhfiosrú fós ag deireadh na bliana.

Comhar Idirghníomhaireachta

Tá Meabhrán Tuisceana ag an Údarás leis na Coimisinéirí Ioncaim agus leis an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre. Sa bhliain 2017, shíníomar Meabhrán Tuisceana nua leis an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí. Thugamar faoi chigireachtaí comhpháirteacha leis an nGarda Síochána, leis na Coimisinéirí Ioncaim, le baill foirne ón Roinn Coimirce Sóisialaí agus le baill de na hÚdaráis Dóiteáin.




***Baill foirne den Údarás i láthair ag Security TWENTY 17 in Óstán na Bó Deirge i mí Aibreáin***

# An Dul Chun Cinn a Rinneadh ar ár Spriocanna

## Sprioc 3: Caighdeáin a ardú laistigh den tionscal.

**Caighdeáin**

I mí Aibreáin, bhuaileamar le hiniúchóirí an Chomhlachta Deimhniúcháin chun plé a dhéanamh ar na neamh-chomhréireachtaí atá á n-aimsiú ag ár gcigirí le linn cigireachtaí ar chonraitheoirí. Ba é aidhm an imeachta feabhas a chur ar rátaí comhlíonta inár gcigireachtaí trí eolas a thabhairt d’iniúchóirí faoinár gceanglais le haghaidh na caighdeáin a chomhlíonadh.

I mí na Bealtaine, sheolamar comhairliúchán poiblí ar chaighdeán teicniúil don earnáil Rialaithe Rochtana. Ag teacht sna sála air sin, bunaíodh grúpa oibre geallsealbhóirí chun na haighneachtaí a athbhreithniú agus caighdeán a fhorbairt don earnáil. Mhol an grúpa oibre go bhforbrófaí trí chaighdeán: ceann amháin do Rialú Rochtana, ceann amháin do Gheataí Cumhachtaithe agus caighdeán bainistíochta cáilíochta amháin chun teacht in áit SR 40, an caighdeán reatha.

Chomh maith leis sin, forbraíodh caighdeán nua bainistíochta cáilíochta don earnáil Airgid Thirim faoi Bhealach. Seolfar é sin sa bhliain 2018.

**Oiliúint**

Le linn na bliana, tosaíodh ar an obair ar cheanglais oiliúna a cheapadh le haghaidh daoine aonair a cheadúnú san earnáil Faireacháin ar Aláraim Ionraidh agus san earnáil Faireacháin ar TCI. Tá sé beartaithe na hearnálacha sin a cheadúnú sa chéad leath den bhliain 2018. Bunaíodh grúpa oibre freisin chun iniúchadh a dhéanamh ar na ceanglais oiliúna atá le leagan ar ar Imscrúdaitheoirí Príobháideacha. Bhí obair an ghrúpa oibre sin ar siúl fós ag deireadh na bliana.

I mí Feabhra agus i mí an Mhárta, bhí comhairliúchán poiblí ar siúl ar na ceanglais ar Sholáthraithe Oiliúna a chuireann cúrsaí ar fáil chun críocha ceadúnúcháin. Leanadh le plé le geallsealbhóirí sa bhliain agus eiseofar an doiciméad deiridh sa bhliain 2018.

# An Dul Chun Cinn a Rinneadh ar ár Spriocanna

## Sprioc 4: Feabhas a chur ar cháilíocht agus minicíocht ár gcumarsáidí.

Rud atá tábhachtach don Údarás is ea cumarsáid lenár gcliaint go léir, leis an bpobal i gcoitinne agus lenár ngeallsealbhóirí. Leanamar ar aghaidh ag méadú ár bpróifíle sna meáin trí fhógraí a chraoladh ar stáisiúin náisiúnta agus áitiúla raidió agus iad a fhoilsiú i nuachtáin réigiúnacha agus náisiúnta agus i sainirisí ceirde. D'fhreastalaíomar ar roinnt móraontaí, áit ar labhraíomar le geallsealbhóirí agus leis an bpobal i gcoitinne agus ar dháileamar bileoga faisnéise éagsúla chun ár dteachtaireacht a scaipeadh. Comhlíonann ár suíomh Gréasáin ról tábhachtach ach faisnéis atá cothrom le dáta faoi cheadúnú agus an nuacht is deireanaí a chur ar fáil.



***Baill foirne Chomhlíonta agus Chigireachta an Údaráis ar ainmníodh a dtionscadal do Ghradaim Sármhaitheasa na Státseirbhíse***

I mí an Mheithimh, sheolamar ár bPlean Gníomhaíochta nua um Sheirbhís do Chustaiméirí agus ár gCairt Custaiméirí nua, ar nithe iad a léiríonn ár dtiomantas dár gcustaiméirí. Cuireadh córas nua athnuachana ar líne le haghaidh ceadúnú Conraitheoirí i bhfeidhm i mí na Bealtaine agus cuireadh feabhas ar an tseirbhís ar líne do dhaoine aonair chun an próiseas a shimpliú d'iarratasóirí.

D'fhoilsíomar sé eagrán dár ríomhiris dar teideal "PSA Watch" le linn na bliana, rud a choinnigh ár ngeallsealbhóirí ar an eolas faoi nithe rialála.

# An Dul Chun Cinn a Rinneadh ar ár Spriocanna

## Sprioc 5: Baill Foirne a Fhorbairt.

Tá ár mbaill foirne ina gcuid dhílis de ráth ár ngnó agus is mór againn an méid a chuireann siad lenár n-eagraíocht. Tacaímid lena bhforbairt trí ghníomhaíochtaí éagsúla oiliúna foirmiúla agus folláine a sholáthar. Fáiltímid roimh ionchur ár mball foirne inár bpleanáil gnó agus inár n-athbhreithnithe agus is mar thoradh ar smaointe ónár mbaill foirne a thángamar ar roinnt dár mbreitheanna is tábhachtaí.

Sa bhliain 2017, bronnadh Gradam um Shármhaitheas i nGnó orainn as an soláthar seirbhísí do thomhaltóirí. Tá an gradam mar aitheantas dár bhfeachtas maidir le geataí uathoibríocha agus do thionscnaimh eile faisnéise do thomhaltóirí ar thugamar fúthu sa bhliain 2016. Cuireadh sinn ar an ngearrliosta do Ghradaim Sármhaitheasa agus Nuálaíochta na Státseirbhíse 2017 sa chatagóir um "Sármhaitheas Digiteach" as na feistí leictreonacha láimhe a úsáidtear chun sonraí a ghabháil le linn cigireachtaí.



***Baill foirne den Údarás i láthair sa cheanncheathrú i mBaile Thiobraid Árann leis an nGradam um "Soláthar Seirbhísí do Thomhaltóirí"***

# An Dul Chun Cinn a Rinneadh ar ár Spriocanna

## Sprioc 6: Barrfheabhas a chur ar an ról a imríonn cigirí an Údaráis i maoirseacht a dhéanamh ar dheimhniú.

Ní ba luaithe sa tuarascáil seo, luamar na saincheisteanna leanúnacha comhlíonta a mbímid ag teacht orthu le linn cigireachtaí ar chonraitheoirí. Cé go bhfuilimid ag déanamh ár ndícheall feabhas a chur ar rátaí ach bearta éagsúla a dhéanamh, aimsíodh le linn cigireachtaí a rinne an tÚdarás nach raibh ach 25% de chonraitheoirí lánchomhlíontach sa dá bhliain dheireanacha seo.

Leanamar ar aghaidh i mbliana ag díriú ar fheabhas a chur ar an bpróiseas iniúchóireachta agus ar shásra maoirseachta a fhorbairt, rud a thabharfaidh méid éigin dearbhúcháin maidir le cáilíocht na gcigireachtaí a rinneadh faoin gcóras rialála. Sa bhliain 2016, d'fhoilsigh an tÚdarás doiciméad inar leagadh amach treoirlínte do Chomhlachtaí Deimhniúcháin le haghaidh ceanglais an Údaráis a chomhlíonadh ó thaobh creidiúnúcháin, deimhniúcháin agus cheadú an Údaráis de. Ag teacht sna sála air sin, foilsíodh doiciméad tionlacain sa bhliain 2017 inar leagadh amach ceanglais an Údaráis ar iniúchóirí atá páirteach sna Comhlachtaí Deimhniúcháin sin nó atá á bhfostú acu. Pléitear ann na freagrachtaí atá ar Chomhlachtaí Deimhniúcháin i dtaca lena n-iniúchóirí agus na ceanglais a mbíonn an tÚdarás ag súil go gcomhlíonfaidh iniúchóirí iad.

Táimid i mbun oibre ar an bpróiseas deimhniúcháin a neartú tuilleadh agus ar é a chomhtháthú isteach i gcreat comhlíonta an Údaráis. Tá sé beartaithe scrúdú a dhéanamh sa bhliain 2018 ar bhealaí breise a d'fhéadfaí an tsamhail maoirseachta deimhniúcháin a fheabhsú chun go mbainfidh na rátaí comhlíonta leibhéal inghlactha amach.

Rinne an tÚdarás a chéad chigireacht ar sholáthraí oiliúna an 6 Meán Fómhair 2017. Tá an chigireacht ina cuid de ról méadaithe atá á fhorbairt ag an Údarás i maoirseacht a dhéanamh ar an soláthar oiliúna mar thoradh ar ábhair imní a tarraingíodh anuas faoi cháilíocht na hoiliúna. Cuid den ról nua sin is ea forbairt a dhéanamh ar na ceanglais ar sholáthraithe oiliúna, ar ceanglais iad atá luaite in áit eile sa tuarascáil. Tá sé beartaithe tuilleadh cigireachtaí a dhéanamh sna míonna tosaigh den bhliain 2018.

# Ráiteas faoi Rialú Inmheánach

**Raon Freagrachta**
Thar ceann Bhord an Údaráis Slándála Príobháidí agus de réir cheanglais an Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016 (an "Cód"), ba mhaith liom a admháil go bhfuil freagracht ar an mBord as a chinntiú go ndéanann an tÚdarás córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a choinneáil ar bun agus a oibriú.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a choinneáil ar leibhéal inghlactha, seachas deireadh a chur leis. Ní féidir leis, dá bhrí sin, ach dearbhú réasúnach, agus ní dearbhú iomlán, a thabhairt nach dtarlóidh caillteanas nó earráid. Forbraíodh an córas reatha rialuithe thar roinnt mhaith blianta agus cuireadh é faoi athbhreithniú leanúnach ag Bord an Údaráis. Ceapadh an Bord reatha i mí na Samhna 2017.

**Bainistíocht Riosca**
Bhí Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ag an Údarás don tréimhse ó mhí Eanáir 2017 go dtí mí Iúil 2017. Bhí an Coiste comhdhéanta de thriúr comhaltaí den Bhord agus de Rúnaí. Tháinig an Coiste le chéile dhá uair sa bhliain 2017 agus scoir sé de bheith ann ar dhul in éag théarma Bhord an Údaráis i mí Iúil 2017.

Ceapadh Coiste nua ag an gcéad chruinniú Boird de chuid an Bhoird nua i mí na Nollag 2017. Tá sé comhdhéanta de cheathrar comhaltaí den Bhord, a bhfuil saineolas airgeadais ag duine amháin díobh agus a bhfuil duine amháin eile díobh ar an gCathaoirleach. Gníomhaíonn comhalta den Choiste Feidhmiúcháin mar Rúnaí. Cuireadh an chéad chruinniú de chuid an Choiste ar siúl i mí Eanáir 2018.

Soláthraíonn Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais seirbhísí iniúchóireachta inmheánaí don Údarás. Comhaontaítear an clár oibre idir an tAonad, an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an Coiste Feidhmiúcháin.

Déanann an Coiste athbhreithniú leanúnach ar an mbeartas bainistíochta riosca agus cuirtear tuarascáil riosca i láthair ag gach cruinniú de chuid an Choiste agus an Bhoird.

**An Creat Riosca agus Rialaithe**
Chuir an tÚdarás córas bainistíochta riosca chun feidhme, rud ina sainaithnítear agus ina dtuairiscítear na príomhrioscaí atá ann agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir é, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm ina leagtar amach na príomhrioscaí atá roimh an Údarás. Rinneadh na rioscaí sin a mheas agus a ghrádú bunaithe ar a shuntasaí atá siad. Bíonn an clár á athbhreithniú agus a athrú chun dáta (ag Coiste Feidhmiúcháin an Údaráis), bíonn sé á bhreithniú ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca agus bíonn sé á athbhreithniú ag Cruinnithe Boird an Údaráis. Úsáidtear an toradh ar na measúnuithe sin chun a chinntiú go gcoinnítear rioscaí ar leibhéal inghlactha.

Mionsonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun maolú a dhéanamh ar rioscaí agus ar an bhfreagracht a leagtar ar bhainisteoirí sonracha as rialuithe a oibriú. Áirítear na nithe seo a leanas leis an timpeallacht rialaithe:

- taifeadadh nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis ghnó,
- sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta, agus cuntasacht chomhfhreagrach ag gabháil leo,
- tá córas buiséadaithe cuí i bhfeidhm, rud lena ngabhann buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag an mBord agus ag an lucht ardbhainistíochta,
- tá córais i bhfeidhm a bhfuil mar aidhm leo slándáil na gcóras Teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú,
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

**Faireachán agus Athbhreithniú Leanúnach**

Déanann an lucht ardbhainistíochta faireachán ar gach próiseas rialaithe. Déantar easnaimh rialaithe a thuairisciú agus a phlé ag cruinnithe an lucht bainistíochta. Coinnítear an Bord ar an eolas faoi nithe ábhartha trí thuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh do chruinnithe Boird agus tríd an gClár Rioscaí. De bhreis air sin, bhunaigh an Príomhfheidhmeannach foireann iniúchóireachta a dhéanann seiceálacha tréimhsiúla ar gach gné den ghnó. Deimhním go bhfuil na córais faireacháin leanúnaigh seo a leanas i bhfeidhm:

- Sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh a thuairisciú,
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal mar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais, agus
- Déanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla feidhmíochta agus airgeadais ina gcuirtear an fheidhmíocht iarbhír i gcomparáid leis an mbuiséad nó leis an bhfeidhmíocht thuartha.

**Soláthar**

Sa bhliain 2017, chomhlíon an tÚdarás na rialacha agus na treoirlínte atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le soláthar agus chloígh sé le treoirlínte na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais i dtaca le sonraisc a íoc.

**Athbhreithniú ar Éifeachtacht**

Ceapadh Bord reatha an Údaráis i mí na Samhna 2017 tar éis dhul in éag théarma an Bhoird roimhe i mí na Bealtaine 2017. Ceapadh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ag an gcéad chruinniú de chuid an Bhoird i mí na Nollag 2017. Rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú ar na rialuithe inmheánacha a bhí i bhfeidhm sa bhliain 2017 a chur i gcrích sa bhliain 2018.

**Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh**

Níor sainaithníodh sa rialú inmheánach i dtaca leis an mbliain 2017 aon laigí is gá a nochtadh sna ráitis airgeadais.

Noel Lappin
Cathaoirleach
Meán Fómhair 2018

**Moltaí ó Thuarascáil an Aonaid Iniúchóireachta Inmheánaí (IAU) agus ó Thuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (CAG) agus Tuairimí an Lucht Bainistíochta ina leith**

| | Moladh | Tuairim an Lucht Bainistíochta | Stádas Reatha |
|---|---|---|---|
| **IAU1** | Ba cheart don Údarás fógra a thabhairt don Aonad Acmhainní Daonna agus do PeoplePoint faoin 11 chás mhíchearta ionad costas. Ní mór fógra a thabhairt don Aonad Acmhainní Daonna agus do PeoplePoint faoi gach athrú inmheánach a dhéanfar laistigh de ghrúpa Ionad Costas an Údaráis sa todhchaí. | Aontaíonn an tÚdarás leis an moladh. Tá fógra á thabhairt don Aonad Acmhainní Daonna agus do PeoplePoint faoi na hathruithe go léir agus tá ár nósanna imeachta á dtabhairt cothrom le dáta chun a chinntiú go dtabharfar fógra faoi athruithe foirne sa todhchaí de réir mar a dhéantar iad. | **Dúnta**<br>Curtha chun feidhme |
| **IAU2** | Ba cheart don Údarás agus don Aonad Bainistíochta Airgeadais teacht ar chomhaontú faoin méid uasta is féidir a choinneáil sa chuntas bainc ag deireadh gach míosa. Laghdóidh sé sin an t-iarmhéid deireadh míosa go leibhéil réasúnacha agus laghdóidh sé na rioscaí a bhaineann le hiarmhéideanna móra bainc a choinneáil. Ba cheart don Údarás agus don Aonad Bainistíochta Airgeadais breithniú a dhéanamh ar chuntais faoi shainordú a thabhairt isteach (i.e. ní fhéadfaí méideanna os cionn luach comhaontaithe a eisiúint ach amháin chuig Cuntas na Roinne). | Comhaontaíodh an córas reatha um airgead a aistriú chuig Cill Airne leis an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste tar éis ábhair imní a chur in iúl faoi aistrithe deireadh míosa. Má chuirtear an moladh chun feidhme, tiocfar aistrithe deireadh míosa isteach an athuair.<br><br>Aistrítear airgead ar bhonn míosúil. Dá bhrí sin, ní bhíonn aon charnadh airgid ann thar thréimhse ama. Ní choinnítear iarmhéideanna móra sa chuntas. I gcás go dtagann iarmhéideanna móra chun cinn, tarlaíonn sé sin de bharr an mhéid ghníomhaíochta a bhí ann sa mhí agus ní bhaineann sé le hairgead a fhágáil sa chuntas thar thréimhse ama.<br><br>Ní chabhróidh an moladh le rialuithe a bhreisiú ná le feabhas a chur ar an gcóras reatha. Dá gcuirfí chun feidhme é, d'fhéadfadh go mbeadh impleachtaí acmhainne ann don Údarás de bharr mhéadú na minicíochta íocaíochta. Díreoidh an tÚdarás aird an Aonaid Bhainistíochta Airgeadais ar an moladh ach níl sé ar intinn aige an moladh a shaothrú leis. | **Dúnta** - Tar éis comhairle a fháil ón Aonad Bainistíochta Airgeadais |
| **IAU3** | Ba cheart admhálacha dola nó ráiteas cuntais chlibeanna a cheangal le gach éileamh, nuair is iomchuí. | Ceanglaítear le Ciorclán 11/82 - Na Rialacháin Taistil agus Cothaithe go roghnaítear an bealach is giorra is indéanta le haghaidh taistil. Seiceálann an tÚdarás gach éileamh chun a chinntiú gurb amhlaidh atá. Más rud é go n-úsáideann oifigeach an mótarbhealach agus go dtabhaíonn sé dola i gcás go bhfuil bealach malartach níos giorra níos indéanta ann, ceadófar an íocaíocht níos ísle. Ní gá admháil dola a bheith ann chun a fhíorú cé acu atá nó nach bhfuil íocaíocht dlite.<br><br>Breithneoidh an tÚdarás cé acu a chuirfear nó nach gcuirfear an moladh chun feidhme tar éis dó soiléiriú a fháil ón Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí maidir le cé acu atá nó nach bhfuil aon fhadhbanna cosanta sonraí ag baint le ráitis chuntais chlibeanna a chur ar fáil. | **Dúnta** - Athbhreithneofar an ní tar éis soiléiriú cosanta sonraí a fháil ón Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **IAU4** | Is é tuairim an Aonaid Iniúchóireachta Inmheánaí gurbh é an réiteach forbartha is fearr ná córas níos cuíchóirithe um shonraí a chur isteach in Slicma, áit a bhfíorófaí ioncam go huathoibríoch trí Realex/Elavon sula gcuirfí é chuig cuntas bainc an Údaráis. | Aontaíonn an tÚdarás leis an moladh sin agus díreoidh sé aird Rannóg TF na Roinne air. Ba cheart a thabhairt faoi deara, áfach, go mbítear ag réiteach na n-íocaíochtaí sin de láimh faoi láthair. Cé nach í sin an rogha is fearr, tugtar sásra rialaithe léi. | **Curtha Siar** - Cuireadh an tsaincheist in iúl don Rannóg TF. Tá sé róchostasach córas comhtháite fíorúcháin a thabhairt isteach. Athbhreithneoidh an tÚdarás an tsaincheist nuair atá cistiú ar fáil. |
| **IAU5** | Molann an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí go gcuirfeadh an Roinn struchtúr éifeachtach bainistíochta tionscadal chun feidhme le haghaidh gach tionscadail TF, lena n-áirítear na tionscadail sin atá ar siúl san Údarás. | Díreoidh an tÚdarás aird Rannóg TF na Roinne ar an ní. | **Dúnta** - Tá an Rannóg TF freagrach as an struchtúr bainistíochta tionscadal a bhunú. Tá struchtúir inmheánacha i bhfeidhm cheana féin laistigh den Údarás. |
| **CAG1** | (a) Ba cheart cairt coiste iniúchóireachta a fhorbairt agus a chothabháil.<br><br>(b) Ar mhaithe le neamhspleáchas agus leis an dea-chleachtas, ba cheart comhaltaí atá neamhspleách ar an mBord agus ar an eagraíocht a chur ar áireamh sa choiste iniúchóireachta.<br><br>(c) Ba cheart don choiste iniúchóireachta teacht le chéile 4 huaire ar a laghad gach bliain agus ba cheart miontuairiscí a thaifeadadh agus a cheadú le haghaidh gach cruinnithe. | (a) Ba cheart cairt coiste iniúchóireachta a fhorbairt agus a chothabháil.<br><br>(b) Breithneofar an ní ach aird a thabhairt ar na socruithe i gcoistí iniúchóireachta eile.<br><br>(c) Tháinig an coiste iniúchóireachta roimhe le chéile dhá uair sa bhliain 2017 sula ndeachaigh a théarma in éag. | (a) **Dúnta** - Tá cairt i bhfeidhm cheana féin.<br><br>(b) **Dúnta** - Chinn an Bord gan comhalta neamhspleách a lorg don choiste iniúchóireachta.<br><br>(c) **Dúnta** - Tá sé leagtha amach sna téarmaí tagartha. |
| **CAG2** | Moltar san iniúchadh go mbeadh ag gach tionscadal TF sa todhchaí bord ainmnithe tionscadail a bhfuil scileanna cuí aige agus:<br>1. A bhunaíonn riachtanais na bhforbairtí sa todhchaí.<br>2. A dhéanann faireachán ar an dul chun cinn agus ar an gcostas forbartha.<br>3. A choimeádann cuntasach na daoine sin atá freagrach as forbairt, agus a dhéanann gníomhaíocht feabhais chuí thráthúil nuair is cuí. | Tá foireann tionscadail a chuimsíonn ionadaithe ón Údarás agus ó Rannóg TF na Roinne i bhfeidhm ó thús an tionscadail reatha TF i leith. Chomhaontaigh an fhoireann tionscadail riachtanais na forbartha, a cuireadh i gcrích faoi bhun an chostais. | **Dúnta** |
| **CAG3** | Moltar san iniúchadh go n-imscrúdódh an tÚdarás saincheisteanna teicniúla in Lotus Notes maidir le deimhnithe ceadúnais agus go gcinnteodh sé go réiteofaí iad mar bheart tosaíochta. | Pléitear le gach saincheist theicniúil den sórt sin mar bheart práinne. Ba chosúil go dtabharfaí a mhalairt le tuiscint sa mholadh. Leanfaimid ar aghaidh ag obair leis an Rannóg TF chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna teicniúla de réir mar a thagann siad chun cinn. | **Dúnta** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **CAG4** | Ba cheart clár ina dtaifeadtar na deimhnithe fisiciúla ceadúnais a úsáidtear a chothabháil. Ba cheart na deimhnithe a eisíodh agus na deimhnithe a milleadh a aithint go soiléir ann. Ba cheart an clár sin a athbhreithniú go minic agus ba cheart é a réiteach leis na deimhnithe fisiciúla neamhúsáidte atá sa stoc. Ba cheart síniú an oifigigh údarúcháin a bheith mar fhianaise ar an obair athbhreithniúcháin agus réitigh sin. | Bíonn an tÚdarás ag brath ar an tuarascáil bunachar sonraí mar chlár deimhnithe agus níl sé ar intinn aige clár láimhe a thabhairt isteach. Is deimhin linn nach mbaineann aon rioscaí leis na sásraí atá i bhfeidhm le haghaidh ceadúnais a rialú agus a eisiúint. Leanfaimid ar aghaidh ag obair leis an Rannóg TF chun feabhas a chur ar an sásra tuairiscithe. Tá sásraí rialaithe i bhfeidhm cheana féin le haghaidh na ndeimhnithe neamhúsáidte sa stoc agus, de réir ár n-eolais, níor cuireadh aon ábhair imní in iúl ina leith. Fanfaidh na sásraí sin i bhfeidhm le haghaidh an stoic neamhúsáidte. | **Dúnta** |
| **CAG5** | Moltar san iniúchadh go leasófaí an córas TF chun a chinntiú go bhféadfaí an neamhchosaint fhéideartha ar aisíocaíochtaí a ríomh go réidh. Moltar freisin san iniúchadh go ndéanfaí faireachán comhsheasmhach ar an neamhchosaint fhéideartha agus go nglacfaí an cur chuige cuntasaíochta ceart i gcás go bhfuil fianaise ann ar dhliteanas iarbhír nó féideartha. | Is cosúil go raibh mearbhall ann sna fionnachtana faoi dhá shaincheist ar leith. Is é beartas an Údaráis nach bhfuil an t-iarratasóir i dteideal aisíocaíocht a fháil i gcás gur eisíodh breith. Mar thoradh air sin, ní thugtar aisíocaíocht d'iarratasóirí a ndiúltaítear dá n-iarratas. Eisítear aisíocaíochtaí i gcás go ndiúltaítear d'iarratais nó go dtarraingítear siar iad.<br><br>Tá na córais ar líne nua ina gcúis le cásanna nach raibh ann riamh, lena n-áirítear an cás ar leagadh béim air sna fionnachtana. Táimid ag déanamh athbhreithniú faoi láthair ar an dóigh is fearr a bhféadfaí na saincheisteanna sin a réiteach. | **Dúnta** - Tá próisis i bhfeidhm faoi láthair chun sainaithint a dhéanamh ar chásanna ar líne atá cosúil leis an gceann a tuairiscíodh, ar cásanna iad a dteastaíonn aisíocaíocht uathu. |

# Aguisíní

## Aguisín 1 - Tuarascálacha Staidrimh

| Tuarascáil 1 - An Líon Ceadúnas Daoine Aonair arna nEisiúint ag an 31 Nollaig 2017 de réir Contae agus Inscne | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Contae | Maoirseoirí Dorais | Gardaí Slándála | An Earnáil GS agus MD(ÁC) | Airgead Tirim faoi Bhealach | Iomlán | Fir | Mná |
| Ceatharlach | 53 | 149 | 75 | 8 | **285** | 271 | 14 |
| An Cabhán | 36 | 143 | 114 | 6 | **299** | 281 | 18 |
| An Clár | 132 | 252 | 95 | 13 | **492** | 456 | 36 |
| Corcaigh | 449 | 1,190 | 788 | 50 | **2,477** | 2,280 | 197 |
| Dún na nGall | 151 | 122 | 140 | 1 | **414** | 385 | 29 |
| Baile Átha Cliath | 994 | 7,849 | 2,765 | 523 | **12,131** | 11,403 | 728 |
| Gaillimh | 225 | 460 | 517 | 42 | **1,244** | 1,158 | 86 |
| Ciarraí | 144 | 253 | 229 | 1 | **627** | 599 | 28 |
| Cill Dara | 139 | 871 | 367 | 63 | **1,440** | 1,349 | 91 |
| Cill Chainnigh | 52 | 135 | 77 | 2 | **266** | 256 | 10 |
| Laois | 58 | 247 | 171 | 15 | **491** | 466 | 25 |
| Liatroim | 27 | 35 | 60 | 2 | **124** | 115 | 9 |
| Luimneach | 176 | 800 | 330 | 71 | **1,377** | 1,322 | 55 |
| An Longfort | 30 | 126 | 136 | 2 | **294** | 278 | 16 |
| Lú | 129 | 427 | 230 | 17 | **803** | 775 | 28 |
| Maigh Eo | 136 | 231 | 149 | 5 | **521** | 481 | 40 |
| An Mhí | 135 | 561 | 233 | 44 | **973** | 930 | 43 |
| Muineachán | 37 | 69 | 98 | 14 | **218** | 200 | 18 |
| Uíbh Fhailí | 64 | 211 | 111 | 8 | **394** | 373 | 21 |
| Ros Comáin | 45 | 135 | 88 | 4 | **272** | 252 | 20 |
| Sligeach | 57 | 115 | 101 | 33 | **306** | 295 | 11 |
| Tiobraid Árann | 114 | 328 | 182 | 9 | **633** | 596 | 37 |
| Port Láirge | 92 | 304 | 246 | 34 | **676** | 657 | 19 |
| An Iarmhí | 61 | 297 | 173 | 6 | **537** | 517 | 20 |
| Loch Garman | 102 | 259 | 226 | 10 | **597** | 559 | 38 |
| Cill Mhantáin | 70 | 353 | 159 | 31 | **613** | 579 | 34 |
| Tuaisceart Éireann | 46 | 33 | 34 | 20 | **133** | 125 | 8 |
| An Bhreatain Mhór (gan Tuaisceart Éireann a áireamh) | 0 | 6 | 5 | 0 | **11** | 9 | 2 |
| Iomlán | **3,754** | **15,961** | **7,899** | **1,034** | **28,648** | **26,967** | **1,681** |
| % den Iomlán | **13%** | **56%** | **28%** | **4%** | **100%** | **94%** | **6%** |

***(Áirítear leis an bhfigiúr iomlán don Bhreatain Mhór seoladh amháin san Eoraip)***

# Aguisíní

## Aguisín 2 - Tuarascálacha Staidrimh

**Tuarascáil 2 - An Líon Ceadúnas Conraitheoirí arna nEisiúint ag an 31 Nollaig 2017 de réir Contae**

| Contae | MD(SI) | MD(ÁC) | GS(FA) | GS(FTCI) | GS(SI) | GS(S) | S(SL) | ATB | IP | G | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ceatharlach | 0 | 0 | 1 | 1 | 0 | 0 | 18 | 0 | 0 | 3 | **23** |
| An Cabhán | 0 | 0 | 1 | 1 | 0 | 2 | 17 | 0 | 1 | 0 | **22** |
| An Clár | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 2 | 18 | 0 | 1 | 2 | **23** |
| Corcaigh | 3 | 3 | 4 | 4 | 3 | 11 | 86 | 0 | 8 | 11 | **133** |
| Dún na nGall | 3 | 2 | 0 | 0 | 3 | 5 | 12 | 0 | 2 | 4 | **31** |
| Baile Átha Cliath | 17 | 19 | 9 | 6 | 18 | 81 | 259 | 3 | 31 | 59 | **502** |
| Gaillimh | 1 | 2 | 1 | 1 | 1 | 6 | 42 | 0 | 4 | 9 | **67** |
| Ciarraí | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 5 | 21 | 0 | 3 | 4 | **34** |
| Cill Dara | 4 | 6 | 1 | 0 | 4 | 13 | 51 | 1 | 8 | 14 | **102** |
| Cill Chainnigh | 1 | 1 | 0 | 0 | 1 | 4 | 15 | 0 | 0 | 3 | **25** |
| Laois | 1 | 1 | 0 | 0 | 1 | 3 | 16 | 0 | 2 | 2 | **26** |
| Liatroim | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 5 | 0 | 0 | 0 | **5** |
| Luimneach | 0 | 0 | 1 | 1 | 0 | 3 | 41 | 0 | 6 | 2 | **54** |
| An Longfort | 1 | 0 | 0 | 0 | 1 | 3 | 8 | 0 | 1 | 0 | **14** |
| Lú | 1 | 2 | 0 | 0 | 1 | 5 | 32 | 0 | 2 | 3 | **46** |
| Maigh Eo | 1 | 1 | 0 | 0 | 1 | 1 | 14 | 0 | 3 | 4 | **25** |
| An Mhí | 1 | 3 | 0 | 0 | 1 | 9 | 45 | 0 | 5 | 8 | **72** |
| Muineachán | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 3 | 14 | 1 | 0 | 0 | **19** |
| Uíbh Fhailí | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 11 | 0 | 1 | 5 | **17** |
| Ros Comáin | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 12 | 0 | 0 | 0 | **13** |
| Sligeach | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 2 | 11 | 0 | 1 | 4 | **18** |
| Tiobraid Árann | 1 | 1 | 0 | 0 | 2 | 9 | 37 | 0 | 4 | 4 | **58** |
| Port Láirge | 1 | 1 | 0 | 0 | 2 | 6 | 19 | 1 | 2 | 4 | **36** |
| An Iarmhí | 2 | 1 | 0 | 0 | 3 | 4 | 21 | 0 | 8 | 2 | **41** |
| Loch Garman | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 3 | 24 | 0 | 1 | 7 | **45** |
| Cill Mhantáin | 0 | 1 | 1 | 1 | 0 | 5 | 40 | 0 | 5 | 4 | **57** |
| Tuaisceart Éireann | 1 | 1 | 6 | 7 | 2 | 3 | 31 | 0 | 6 | 4 | **61** |
| An Bhreatain Mhór (gan Tuaisceart Éireann a áireamh) | 2 | 1 | 9 | 5 | 2 | 3 | 10 | 0 | 5 | 0 | **37** |
| Iomlán | **43** | **49** | **36** | **29** | **49** | **192** | **930** | **6** | **110** | **162** | **1606** |
| % den Iomlán | **3%** | **3%** | **2%** | **2%** | **3%** | **12%** | **58%** | **<0.5%** | **7%** | **10%** | **100%** |

**Eochair**
MD(SI) – Maoirseoir Dorais (Slándáil Imeachtaí)
MD(ÁC) – Maoirseoir Dorais (Áitribh Cheadúnaithe)
GS(FA) – Garda Slándála (Faireachán ar Aláraim)
GS(FTCI) – Garda Slándála (Faireachán ar TCI)
GS(SI) – Garda Slándála (Slándáil Imeachtaí)
GS(S) – Garda Slándála (Socair)
S(SL) – Suiteálaí (Slándáil Leictreonach)
ATB – Airgead Tirim faoi Bhealach
IP – Imscrúdaitheoir Príobháideach
G – Glasadóir

# Aguisíní

## Aguisín 3 - Tuarascáil Fuinnimh

*(Mar a cheanglaítear faoi I.R. Uimh. 542 de 2009)*

Sa bhliain 2017, ba iad ola teasa agus leictreachas na príomhfhoinsí úsáide fuinnimh san Údarás go fóill. Is trí Chóras Bainistíochta Foirgnimh atá nua-aimseartha agus éifeachtúil a bhainistítear ár bhfóntais. Is é C2 an rátáil fuinnimh don fhoirgneamh, ar rátáil í atá os cionn an mheáin d'fhoirgnimh den sórt sin.

Is leagtha amach thíos atá an úsáid bhliantúil fuinnimh i bhfoirgneamh an Údaráis i gcomparáid leis an úsáid fuinnimh sa ghnáthfhoirgneamh dá chineál:

| **Ár bhFoirgneamh** | |
|---|---|
| **Foinsí nach Foinsí Leictreacha iad (kWh/m2/bliain)** | Foinsí Leictreacha (kWh/m2/bliain) |
| **90** | **122** |
| **An Gnáthfhoirgneamh den chineál seo** | |
| **Foinsí nach Foinsí Leictreacha iad (kWh/m2/bliain)** | Foinsí Leictreacha (kWh/m2/bliain) |
| **129** | **232** |

Sa bhliain 2017, díríodh ar leanúint leis an dul chun cinn a rinneadh cheana féin ar astaíochtaí CO2 a laghdú faoi 30% faoin mbliain 2020. Tá feasacht foirne ar cheann de na gnéithe is tábhachtaí dár bhfeachtas go fóill. A bhuí leis na comharthaí atá in airde ar fud an fhoirgnimh, meabhraítear do bhaill foirne leictreachas a chaomhnú agus bheith aireach ar a n-úsáid fuinnimh. Tá Coiste Fuinnimh ar bun againn, rud a chuimsíonn baill foirne ónár Rannóg Gnóthaí Corparáideacha a bhfuil de chúram orthu a chinntiú go laghdóimid ár n-astaíochtaí faoin mbliain 2020. Ainmníodh ár bhFoireann Fuinnimh in dhá chatagóir i nGradaim Fuinnimh Oifig na nOibreacha Poiblí. D'éirigh linn i gCatagóir na bhFoirgneamh Stairiúil.

# Teagmháil

*An tÚdarás Slándála Príobháidí*
*Sráid an Dáibhisigh*
*Baile Thiobraid Árann*
*Co. Thiobraid Árann.*
*E34 PY91*

**T.: 062-32600**
**R: info@psa.gov.ie**
**G: www.psa.gov.ie**

**An Rannóg um Cheadúnú Conraitheoirí**

T: 062-32606
062-32614
062-32624
062-32627
062-32631
062-32635
R: contractors@psa.gov.ie

**An Rannóg um Cheadúnú Daoine Aonair**

T: 062-32600
R: licensing@psa.gov.ie

**An Rannóg Comhlíonta agus Cigireachta**

T: 062-32628
062-32629
R: enforcement@psa.gov.ie

**An Rannóg um Cháilíochtaí agus Caighdeáin**

T: 062-32615
062-32616
R: standards@psa.gov.ie

**An Rannóg Gnóthaí Corparáideacha**

T: 062-32611
062-32633
R: info@psa.gov.ie

An tÚdarás Slándála Príobháidí
**The Private Security Authority**

An tÚdarás Slándála Príobháidí
Sráid an Dáibhisigh, Baile Thiobraid Árann,
Éire, E34 PY91

The Private Security Authority
Davis Street, Tipperary Town,
Ireland, E34 PY91

T: 062 31588 / 32600
R: info@psa.gov.ie

www.psa.gov.ie